BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Tríú Dlísheomra)

18 Nollaig 2025*

(Tarchur chun réamhrialú – Iomaíocht – Airteagal 102 CFAE – Mí-úsáid ceannasachta – An margadh mórdhíola le haghaidh breosla sa Bhulgáir – Cúngach corrlaigh ar iomaitheoirí – Sainmhíniú ar an margadh táirgí – Margadh arna roinnt go hingearach – An córas dleachta máil a chur san áireamh)

I gCás C-260/24,

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ón Administrativen sad Sofia-oblast (Cúirt Riaracháin Chúige Shóifia, an Bhulgáir), trí bhreith an 15 Aibreán 2024, a fuarthas ag an gCúirt an 15 Aibreán 2024, sna himeachtaí

'Lukoil Bulgaria' EOOD

v

Komisia za zashtita na konkurentsiata,

tugann AN CHÚIRT (an Tríú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: C. Lycourgos, Uachtarán Dlísheomra, O. Spineanu-Matei (Rapóirtéir), S. Rodin, S. Gervasoni agus N. Fenger, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: L. Medina,

Cláraitheoir: R. Stefanova-Kamisheva, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus tar éis éisteacht an 10 Aibreán 2025,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– 'Lukoil Bulgaria' EOOD, ag Y. Pekunov, A. Velichkov, advokati, A. Pekunova, yuriskonsult, agus A. Robertson, KC,

– Komisia za zashtita na konkurentsiata, ag M. Goranova, N. Mincheva agus Y. Nenkova,

– Rialtas na Bulgáire, ag T. Mitova, R. Stoyanov agus T. Tsingileva, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, V. Hitrovs, E. Rousseva agus I. Söderlund, i gcáil Gníomhairí,

* Teanga an cháis: an Bhulgáiris.

tar éis cinneadh a dhéanamh, i ndiaidh an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breith a thabhairt ar an gcás gan Tuairim,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar Airteagal 102 CFAE.

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir ‘Lukoil Bulgaria’ EOOD (‘Lukoil Bulgaria’) agus Komisia za zashtita na konkurentsiata (an Coimisiún um Chosaint na hIomaíochta, an Bhulgáir) (‘Údarás Iomaíochta na Bulgáire’) maidir le bailíocht Chinneadh Uimh. 184 an 16 Feabhra 2023 (‘an cinneadh ó Údarás Iomaíochta na Bulgáire’) lenar chinn sé gur bhain an chuideachta sin mí-úsáid as a ceannasacht.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

3 Foráiltear le hAirteagal 102 CFAE mar a leanas:

‘Déanfar aon mhí-úsáid ag gnóthas nó gnóthais ag a bhfuil ceannasacht sa mhargadh inmheánach nó i gcuid mhór de a thoirmeasc mar ní nach luíonn leis an margadh inmheánach sa mhéid gurbh fhéidir éifeacht a bheith aici ar thrádáil idir Ballstáit.

D’fhéadfadh sé go háirithe gurb é a bheadh sa mhí-úsáid sin:

(a) praghsanna míchóra ceannaithe nó díolta nó coinníollacha míchóra eile trádála a fhorchur, go díreach nó go hindíreach;

(b) an táirgeadh, na margaí nó an fhorbairt theicniúil a theorannú chun dochair do thomhaltóirí;

(c) coinníollacha neamhionanna a chur chun feidhme ar idirbhearta comhionanna le páirtithe eile trádála sa dóigh go gcuirtear faoi mhíbhuntáiste san iomaíocht iad;

(d) chun go dtabharfar conarthaí i gcrích, é a chur de choinníoll go nglacfaidh na páirtithe eile le hoibleagáidí forlíontacha nach bhfuil baint ar bith acu, óna nádúr ná ó ghnás na tráchtála, le hábhar na gconarthaí sin.’

Dlí na Bulgáire

4 Foráiltear le hAirteagal 21 de Zakon za zashtita na konkurentsiata (an Dlí maidir le hIomaíocht a Chosaint, DV Uimh. 102 an 28 Samhain 2008, ‘ZZK’) mar a leanas:

‘Toirmiscfear iompar gnóthas arb ionann é agus monaplacht nó ceannasacht agus iompar dhá ghnóthas nó níos mó ag a bhfuil ceannasacht chomhchoiteann a d’fhéadfadh iomaíocht a bhac, a shrianadh nó a shaobhadh agus a dhéanann difear do leasanna tomhaltóirí, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. praghsanna éagóracha ceannaithe nó díolta nó coinníollacha éagóracha eile trádála a shocrú, go díreach nó go hindíreach;

2. srian a chur le táirgeadh, trádáil agus forbairt theicniúil chun dochair do thomhaltóirí;

3. coinníollacha éagsúla a chur i bhfeidhm maidir leis an gcineál céanna conartha i ndáil le comhpháirtithe áirithe, rud a chuireann na comhpháirtithe sin i staid neamhionannais idir iomaitheoirí;

4. tabhairt i gcrích conarthaí a chur faoi réir glacadh oibleagáidí breise ag an bpáirtí eile nó faoi réir conarthaí breise a thabhairt i gcrích nach bhfuil baint acu, óna nádúr ná ó ghnáth-ghnás na tráchtála, le hábhar an phríomhchonartha nó lena chomhlíonadh;

5. diúltú gan údar earra nó seirbhís a sholáthar do chustaiméir iarbhír nó ionchasach, chun bac a chur ar ghníomhaíochtaí tráchtála an chustaiméara.’

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tarchuirtear le haghaidh réamhrialú

5 Is léir ón ordú tarchuir go n-áirítear ar ghníomhaíochtaí ghrúpa eacnamaíoch Lukoil (‘Grúpa Lukoil’), sa Bhulgáir, táirgeadh, trádáil mhórdhíola agus trádáil mhiondíola táirgí peitriliam, lena gcumhdaítear, dá bhrí sin, an slabhra luacha iomlán i margaíocht na dtáirgí sin. Laistigh den ghrúpa sin, is é ‘Lukoil Neftohim Burgas’ AD, a bhfuil an t-aon scaglann amhola sa Bhulgáir aige, an táirgeoir is mó breoslaí mótair a dhíoltar sa Bhallstát sin. Tá Lukoil Bulgaria gníomhach sa mhargadh mórdhíola le haghaidh breoslaí mótair, eadhon peitreal mótarfheithiclí agus díosal (‘an margadh mórdhíola le haghaidh breosla’), agus oibríonn sé ceann de na sraitheanna stáisiún seirbhíse náisiúnta is mó.

6 De réir an chinnidh ó Údarás Iomaíochta na Bulgáire, tá bonneagar lóistíochta, stórála agus iompair uathúil ag Grúpa Lukoil sa Bhulgáir, rud a thugann buntáiste iomaíoch eisceachtúil dó sa mhargadh mórdhíola le haghaidh breosla, ina bhfuil ceannasacht aige.

7 Leis an gcinneadh sin, mheas an t-údarás sin gur chuir Lukoil Bulgaria cleachtas praghsála chun feidhme maidir leis an margadh faoinar chuir Lukoil Bulgaria praghsanna díola atá níos ísle ná na praghsanna a chuir sé i bhfeidhm maidir le breoslaí faoi fhionraí na ndleachtanna sin (an margadh réamhtheachtach) i bhfeidhm maidir le breoslaí atá faoi réir íocaíocht na ndleachtanna máil (an margadh iartheachtach). Is ionann an cleachtas praghsála sin as a n-eascraíonn cúngach corrlaigh agus mí-úsáid ceannasachta atá contrártha d’Airteagal 21 de ZZK.

8 Sa chaingean a thug sé i gcoinne an chinnidh sin os comhair an Administrativen sad Sofia-oblast (Cúirt Riaracháin Chúige Shóifia, an Bhulgáir), arb í an chúirt a rinne an tarchur í, maíonn Lukoil Bulgaria, *inter alia*, gur shainmhínigh an t-údarás sin an margadh ábhartha go mícheart.

9 Sa chéad áit, measann Lukoil Bulgaria, ar thaobh amháin, nach mór gás peitriliam leachtaithe (GPL) agus meatán a bheith san áireamh sa mhargadh ábhartha, a bhfuil an dá tháirge ina n-ionadaithe ar pheitreal agus ar dhíosal. Dá n-eisiafaí iad, dhéanfaí rómheastachán ar chumhacht mhargaidh Lukoil Bulgaria. Diúltaíonn Údarás Iomaíochta na Bulgáire don argóint sin ar an mbonn nach bhfuil GPL agus meatán inionadaithe ach go páirteach le haghaidh peitril agus díosail.

10 Ar an taobh eile, áitíonn Lukoil Bulgaria, ós rud é nach táirgí inionadaithe iad peitreal agus díosal, nach cuid den mhargadh céanna iad ar thaobh an éilimh ná ar thaobh an tsoláthair. Measann Údarás Iomaíochta na Bulgáire, óna thaobh féin de, cé nach bhfuil peitreal agus díosal inionadaithe ó thaobh an tomhaltóra deiridh de, go ndéanann na soláthróirí céanna an dá chineál breosla sin a thrádáil agus go socraítear a bpraghas sa mhargadh mórdhíola le haghaidh breosla faoi choinníollacha comhionanna.

11 Measann an chúirt a rinne an tarchur nach mór, dá bhrí sin, a chinneadh an bhféadfaidh údarás iomaíochta náisiúnta, chun críocha Airteagal 102 CFAE a chur i bhfeidhm, breosla nach bhfuil inionadaithe a chur ar an margadh táirgí céanna. De réir na cúirte sin, dá mba amhlaidh an cás, d'fhéadfadh díosal agus peitreal a chur ar an margadh céanna leis an gcinneadh ó Údarás Iomaíochta na Bulgáire. Mar sin féin, i gcás den sórt sin, bhainfí bonn cirt réasúnta de dhiúltú Údarás Iomaíochta na Bulgáire GPL a áireamh sa mhargadh céanna, ós rud é go bhfuil peitreal inionadaithe go páirteach le haghaidh GPL.

12 Sa dara háit, áitíonn Lukoil Bulgaria gur mheas Údarás Iomaíochta na Bulgáire go mícheart go bhféadfaí an margadh mórdhíola le haghaidh breosla a roinnt go hingearach ina dhá fhomhargadh, eadhon, réamhtheachtach, an margadh le haghaidh breosla a dhíoltar faoi scéim fionraí dleachta máil agus, iartheachtach, an margadh le haghaidh breosla atá beartaithe don tomhaltas deiridh tar éis íocaíocht na ndleachtanna sin.

13 Maíonn Lukoil Bulgaria, *inter alia*, gur shonraigh Údarás Iomaíochta na Bulgáire go bhfuil sciar réasúnta ard den mhargadh mórdhíola le haghaidh breosla ag Lukoil Bulgaria, idir 40 % agus 60 %, agus go bhfuil ceannasacht aige sa mhargadh sin agus sa fhomhargadh le haghaidh breoslaí a dhíoltar faoin scéim fionraí dleachta máil. Mar sin féin, níl aon mheasúnú sa chinneadh ó Údarás Iomaíochta na Bulgáire ar sciartha na cuideachta sin den dá fhomhargadh a shainaithnítear sa chinneadh sin agus ní shainaithnítear ann na hoibreoirí atá i ngach ceann de na fomhargaí sin. Measann Lukoil Bulgaria go gcuirtear cosc le dlí an Aontais ar údarás iomaíochta a chinneadh go bhfuil ceannasacht ag gnóthas gan a sciartha den mhargadh a chur in iúl go sainráite, rud a chuireann Údarás Iomaíochta na Bulgáire ina choinne.

14 Dá bhrí sin, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, chun sárú amhail an sárú a líomhnaítear a rinne Lukoil Bulgaria a shuíomh, ar ceanglaíodh ar Údarás Iomaíochta na Bulgáire scrúdú a dhéanamh ar shaintréithe bunriachtanacha uile an dá mhargadh lena mbaineann, trí, maidir le gach ceann acu, sciartha den mhargadh, líon an mhargaidh agus gníomhairí an mhargaidh a chinneadh.

15 Sna himthosca sin, chinn an Administrativen sad Sofia-oblast (Cúirt Riaracháin Chúige Shóifia), bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

‘1) Ar cheart Airteagal 102 CFAE, chomh maith le prionsabail na gceart cosanta [a urramú], na deimhneachta dlíthiúla agus chosaint na n-ionchas dhlisteanach, lena n-áirítear toimhde na neamhchiontachta, a léiriú sa chaoi go gciallaíonn, i gcás cúngach corrlaigh neamhcheadaithe, gur dhá mhargadh atá struchtúrtha go hingearach iad na margaí ábhartha (na margaí ar tharla an sárú), eadhon margadh réamhtheachtach agus margadh iartheachtach, agus gurb é i ndáil leis an dá mhargadh ábhartha sin a gceanglaítear ar an údarás iomaíochta, agus an líomhain agus an cinneadh riaracháin críochnaitheach á gcur le chéile aige, cinntí fíorais a thabhairt maidir le méid na margaí ábhartha, na rannpháirtithe sna margaí sin agus scaireanna na rannpháirtithe sna margaí sin, lena n-áirítear scaireanna ábhartha margaidh an ghnóthais a gcuireann sé ina leith go bhfuil ceannasacht aige?

2) An bhfuil Airteagal 102 CFAE, arna léamh i gcomhar leis na prionsabail a bhaineann le cearta na cosanta [a urramú], na deimhneacht dhlíthiúla agus chosaint na n-ionchas dlisteanach, lena n-áirítear toimhde na neamhchiontachta, le léiriú sa chaoi nach gceadaíonn, i gcomhthéacs imeachtaí faoi Airteagal 102 CFAE, táirgí nach bhfuil in-idirmhalartaithe ar thaobh an éilimh nó an tsoláthair a áireamh sa mhargadh náisiúnta táirgí céanna, mar a rinne [Údarás Iomaíochta na Bulgáire] [sa príomh]imeachtaí trí dhíosal agus peitreal gan luaidhe 95 a áireamh i margadh táirgí aonair do bhreoslaí?

3) Má cheadaítear breoslaí mótair nach bhfuil aon ionadaíochas ó thaobh an éilimh ná an tsoláthair eatarthu, a áireamh i margadh táirgí náisiúnta aonair, an gceadaítear gan an tríú príomhbhreosla mótair sa mhargadh náisiúnta a áireamh sa mhargadh táirgí do bhreoslaí mótair, eadhon [GPL], a bhfuil sciar den mhargadh aige sa mhargadh náisiúnta atá comhionann leis an sciar den mhargadh peitril?’

Inghlacthacht na hiarrata ar réamhrialú

16 Déanann Údarás Iomaíochta na Bulgáire agus Rialtas na Bulgáire agóid i gcoinne inghlacthacht na hiarrata ar réamhrialú. Go bunúsach, chuir na páirtithe leasmhara sin trí argóint chun cinn i ndáil leis sin.

17 Ar an gcéad dul síos, tá an cinneadh ó Údarás Iomaíochta na Bulgáire bunaithe go heisiach ar chur i bhfeidhm dhlí na Bulgáire agus níl feidhm ag Airteagal 102 CFAE ós rud é nach ndéantar difear don trádáil idir na Ballstáit le mí-úsáid ceannasachta a líomhnaítear. Ar an dara dul síos, níor shainmhínigh an chúirt a rinne an tarchur comhthéacs fíorasach agus reachtach na gceisteanna a tarchuirtear le haghaidh réamhrialú, nó níor mhínigh sí na himthosca fíorasacha ar a bhfuil na ceisteanna sin bunaithe, na heilimintí is gá chun léiriú a fháil ar dhlí an Aontais a bheidh úsáideach di. I ndairíre, ní dhearna an chúirt sin ach argóintí na bpáirtithe sna príomhimeachtaí a atáirgeadh. Ar an tríú dul síos, de réir Údarás Iomaíochta na Bulgáire, is ionann an iarraidh ar réamhrialú seo, sa chleachtas, agus dlínse na cúirte a rinne an tarchur a aistriú chuig an gCúirt Bhreithiúnais chun rialú a thabhairt ar an gceist maidir leis an sainmhíniú ar an margadh ábhartha, rud atá riachtanach chun an díospóid sin a réiteach.

18 De réir cásdlí shocair, i gcomhthéacs nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 267 CFAE, is faoin gcúirt náisiúnta ar tugadh an díospóid os a comhair atá sé, agus nach mór freagracht a ghlacadh as an gcinneadh breithiúnach ina dhiaidh sin, i bhfianaise imthosca sonracha an cháis, an gá atá le réamhrialú ionas go mbeidh sí in ann a breithiúnas a thabhairt agus ábharthacht na gceisteanna a chuirfidh sí faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais araon a chinneadh. Dá bhrí sin, nuair a bhaineann na ceisteanna a tugadh isteach le léiriú dhlí an Aontais, tá an Chúirt faoi cheangal, i bprionsabal, rialú a dhéanamh (féach breithiúnais an 21 Aibreán 1988, *Pardini*, 338/85, EU:C:1988:194, mír 8, agus an 22 Deireadh Fómhair 2024, *Kolin Inşaat Turizm Sanayi ve Ticaret*, C-652/22, EU:C:2024:910, mír 36 agus an cásdlí dá dtagraítear).

19 Dá bhrí sin, tá toimhde ábharthachta ann maidir le ceisteanna a bhaineann le dlí an Aontais Eorpaigh. Ní féidir leis an gCúirt Bhreithiúnais diúltú rialú a thabhairt maidir le ceist arna tarchur ag cúirt náisiúnta ach amháin má dhealraíonn sé go follasach nach bhfuil baint ar bith ag an léiriú arna iarraidh ar dhlí an Aontais le fíorais iarbhír nó cuspóir na díospóide sna príomhimeachtaí, gur fadhb de chineál hipitéiseach í nó nach bhfuil an fhaisnéis fhíorasach agus dhlíthiúil is gá ag an gCúirt chun freagra úsáideach a thabhairt ar na ceisteanna a cuireadh uirthi (breithiúnas an 9 Meán Fómhair 2021, *GE Auto Service Leasing*, C-294/20, EU:C:2021:723, mír 40 agus an cásdlí dá dtagraítear).

20 Sa chás seo, maidir leis an gcéad argóint dá dtagraítear i mír 17 den bhreithiúnas seo, ní léir nach bhfuil baint ar bith ag an léiriú atá á lorg ar Airteagal 102 CFAE le fíricí iarbhír nó cuspóir na díospóide sna príomhimeachtaí.

21 Ar thaobh amháin, is léir ón iarraidh ar réamhrialú go measann an chúirt a rinne an tarchur go bhfuil feidhm ag Airteagal 102 sna príomhimeachtaí. Thairis sin, ní mór d'aon chúirt náisiúnta Airteagal 102 a chur i bhfeidhm *ex officio* (breithiúnas an 13 Iúil 2006, *Manfredi agus páirtithe eile*, C-295/04 go C-298/04, EU:C:2006:461, mír 31).

22 Ar an taobh eile, de réir ábhar an chinnidh ó Údarás Iomaíochta na Bulgáire mar a leagtar amach san ordú tarchuir, oibríonn Lukoil Bulgaria ar fud chríoch Phoblacht na Bulgáire agus cuirtear an cleachtas praghsála atá i gceist sna príomhimeachtaí chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta. Is leor cinneadh den sórt sin, ar faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a fhíorú, ann féin, chun a mheas go bhféadfadh an cleachtas sin difear a dhéanamh don trádáil idir na Ballstáit, de réir bhrí Airteagail 101 agus 102 CFAE (féach, chuige sin, breithiúnas an 5 Nollaig 2006, *Cipolla agus páirtithe eile*, C-94/04 agus C-202/04, EU:C:2006:758, mír 45 agus an cásdlí dá dtagraítear). I gcás ina gcuireann údarás iomaíochta náisiúnta forálacha den dlí náisiúnta lena dtoirmisctear mí-úsáid ceannasachta i bhfeidhm maidir le hiompar gnóthais a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don trádáil idir na Ballstáit de réir bhrí Airteagal 102 CFAE, ceanglaítear le hAirteagal 3(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta a leagtar síos in Airteagail [101] agus [102 CFAE] (IO 2003 L 1, lch. 1) air Airteagal 102 CFAE a chur i bhfeidhm ag an am céanna freisin (féach, chuige sin, breithiúnas an 3 Aibreán 2019, *Powszechny Zakład Ubezpieczeń na Życie*, C-617/17, EU:C:2019:283, mír 26 agus an cásdlí dá dtagraítear).

23 Maidir leis an dara hargóint dá dtagraítear i mír 17 den bhreithiúnas seo, ba cheart a mheabhrú, mar a luaitear in hAirteagal 94(c) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais, nach mór ráiteas ar na fáthanna a spreag an chúirt nó an binse a rinne an tarchur chun léiriú nó bailíocht forálacha áirithe de dhlí an Aontais Eorpaigh a fhiosrú, agus an gaol idir na forálacha sin agus an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme maidir leis na príomhimeachtaí a bheith san iarraidh ar réamhrialú.

24 Sa chás seo, is léir ó mhíreanna 11 agus 14 den bhreithiúnas seo gur leag an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, na cúiseanna amach a thug uirthi tarchur chun réamhrialú a dhéanamh chuig an gCúirt Bhreithiúnais. Thairis sin, leanann sé ó bharúlacha na bpáirtithe sna príomhimeachtaí, Rialtas na Bulgáire agus an Coimisiún Eorpach go raibh siad in ann, go bunúsach, seasamh iomlán úsáideach a shainiú i leith na gceisteanna a tarchuirtear.

25 É sin ráite, níl aon fhorais san ordú tarchuir lena gceadaítear na cúiseanna a shainaithint a thug ar an gcúirt a rinne an tarchur amhras a chaitheamh ar na prionsabail maidir le cearta na cosanta a urramú, prionsabal na deimhneachta dhlíthiúla agus prionsabal an ionchais dhlisteanaigh, lena n-áirítear toimhde na neamhchiontachta. Dá bhrí sin, sa mhéid sin, tá an chéad cheist agus an dara ceist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú do-ghlactha.

26 Maidir leis an tríú hargóint dá dtagraítear i mír 17 den bhreithiúnas seo, ba cheart a thabhairt faoi deara go mbaineann na ceisteanna a tharchuirtear le léiriú ar Airteagal 102 CFAE, gan iarraidh ar an gCúirt Bhreithiúnais Airteagal 102 a chur i bhfeidhm sna príomhimeachtaí. I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú go mbunaítear leis an nós imeachta um tharchur chun réamhrialú dá bhforáiltear in Airteagal 267 CFAE dlúthchomhar idir na cúirteanna náisiúnta agus an Chúirt Bhreithiúnais, bunaithe ar leithdháileadh na bhfeidhmeanna eatarthu, agus is ionstraim é faoina dtugann an Chúirt Bhreithiúnais treoir do na cúirteanna náisiúnta maidir le léiriú dhlí an Aontais atá riachtanach chun na cásanna atá le breithniú acu a chinneadh, gan cumhacht a thabhairt don Chúirt rialacha dhlí an Aontais a chur i bhfeidhm i gcás ar leith (féach, chuige sin, breithiúnais an 23 Samhain 2021, *IS (Neamhdhleathacht an ordaithe tarchuir)*, C-564/19, EU:C:2021:949, mír 59 agus an cásdlí dá dtagraítear; an 8 Nollaig 2022, *HYA agus páirtithe eile (Dodhéantacht finnéithe ionchúisimh a cheistiú)*, C-348/21, EU:C:2022:965, mír 49, agus an 9 Aibreán 2024, *Profi Credit Polska (Athoscailt imeachtaí arna dtabhairt i gcrích le cinneadh críochnaitheach)*, C-582/21, EU:C:2024:282, míreanna 50 go 55 agus an cásdlí dá dtagraítear).

27 Sna himthosca sin, tá an iarraidh ar réamhrialú inghlactha a mhéid a bhaineann sí le léiriú Airteagal 102 CFAE.

Na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

An chéad cheist

28 Lena céad cheist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagal 102 CFAE le léiriú sa chaoi nach mór d'údarás iomaíochta, chun a chinneadh go bhfuil cleachtas mí-úsáideach cúngaigh chorrlaigh ann arna dhéanamh ag gnóthas atá comhtháite go hingearach, maidir leis an margadh réamhtheachtach agus leis an margadh iartheachtach araon, líon na margaí sin agus na sciartha de na margaí sin atá ag an ngnóthas sin agus ag a iomaitheoirí a shuíomh.

29 Sa chás seo, is léir ón gcomhad os comhair na Cúirte Breithiúnais gur chinn Údarás Iomaíochta na Bulgáire go ndéantar an cúngach corrlaigh a líomhnaítear i gcoinne Lukoil Bulgaria laistigh den mhargadh mórdhíola le haghaidh breosla, idir dhá fhomhargadh, arb é an fomhargadh réamhtheachtach an margadh mórdhíola le haghaidh breosla a chuirtear faoi scéim fionraí dleachta máil agus gurb é an fomhargadh iartheachtach an margadh mórdhíola le haghaidh breosla tar éis íocaíocht na ndleachtanna máil. Eascraíonn an cúngach corrlaigh as an bhfíoras go

ndíolann Lukoil Bulgaria breosla mórdhíola sa mhargadh iartheachtach, is é sin tar éis íocaíocht na ndleachtanna máil, ar phraghas níos ísle ná an praghas ar a ndíolann sé breosla a chuirtear faoi scéim fionraí dleachta máil sa mhargadh réamhtheachtach.

30 Sa chéad áit, ba cheart a mheabhrú gurb ionann cleachtas mí-úsáideach cúngaigh chorrlaigh agus cleachtas praghsála atá, in éagmais aon bhonn cirt oibiachtúil, éagórach a mhéid a chiorraítear corrlaigh na ngnóthas iomaíoch agus, dá bhrí sin, go bhféadfadh sé a bheith ina chúis le héifeacht eisiatach d'iomaitheoirí atá chomh héifeachtúil céanna ar a laghad leis an ngnóthas ceannasach (féach, chuige sin, breithiúnas an 17 Feabhra 2011, *TeliaSonera Sverige*, C-52/09, EU:C:2011:83, míreanna 30 agus 31).

31 De réir chásdlí na Cúirte Breithiúnais, is ionann cúngach corrlaigh agus mí-úsáid neamhspleách, ós rud é go bhfuil baint ag cineál éagórach cleachtais praghsála den sórt sin, de réir bhrí Airteagal 102 CFAE, leis an gcúngach sin a bheith ann, agus ní lena chorrlach beacht, ionas nach gá ar bhealach ar bith a shuíomh go bhfuil praghsanna mórdhíola an táirge, sa mhargadh réamhtheachtach, nó na praghsanna miondíola, sa mhargadh iartheachtach, mí-úsáideach iontu féin toisc, de réir mar a bheidh, go bhfuil siad iomarcach nó creachach (féach, chuige sin, breithiúnas an 17 Feabhra 2011, *TeliaSonera Sverige*, C-52/09, EU:C:2011:83, mír 34 agus an cásdlí dá dtagraítear).

32 Chun a chinneadh ar bhain gnóthas ceannasach mí-úsáid as a sheasamh trí chleachtais phraghsála den sórt sin a chur i bhfeidhm, ní mór measúnú a dhéanamh ar na himthosca go léir agus scrúdú a dhéanamh an ndéantar rogha an cheannaitheora a bhaint nó a shrianadh maidir lena fhoinsí soláthair, bac a chur ar iomaitheoirí rochtain a fháil ar an margadh, coinníollacha éagsúla maidir le seirbhísí coibhéiseacha a chur i bhfeidhm i leith comhpháirtithe trádála nó an cheannasacht a neartú trí iomaíocht a shaobhadh leis an gcleachtas (féach, chuige sin, breithiúnas an 17 Feabhra 2011, *TeliaSonera Sverige*, C-52/09, EU:C:2011:83, mír 28 agus an cásdlí dá dtagraítear).

33 D'fhéadfadh imthosca den sórt sin a bheith ann i gcás ina ndéanann gnóthas atá comhtháite go hingearach, atá ceannasach i margadh réamhtheachtach, iarracht bac a chur ar ghnáthiomaíocht i margadh comharsanach, atá iartheachtach ón margadh ina bhfuil ceannas ag an ngnóthas sin, a mhéid go bhféadfadh sé go mbeadh sé d'éifeacht ag an iompar sin iomaitheoirí atá chomh héifeachtúil céanna ar a laghad sa mhargadh comharsanach sin, eadhon an margadh iartheachtach, a bhrú amach trí a gcorrlaigh a chiorrú. Féadfaidh, go háirithe mar gheall ar na dlúthnasc idir na margaí lena mbaineann, an iomaíocht sa mhargadh iartheachtach a lagú le hiompar den sórt sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 17 Feabhra 2011, *TeliaSonera Sverige*, C-52/09, EU:C:2011:83, míreanna 87 agus 91).

34 Dá bhrí sin, is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé imthosca sonracha uile an cháis sna príomhimeachtaí a chur san áireamh chun a mheas an ionann an dá mhargadh arna shainaithint ag Údarás Iomaíochta na Bulgáire agus margaí ar leith a bhfuil dlúthnasc eatarthu.

35 Sa dara háit, má mheasann an chúirt a rinne an tarchur gur dhá mhargadh ar leith iad an dá mhargadh arna sainaithint ag Údarás Iomaíochta na Bulgáire ach a bhfuil dlúthnasc eatarthu, ní mór don chúirt sin scrúdú a dhéanamh fós, sula ndéanfar cinneadh go ndearnadh sárú ar Airteagal 102 CFAE, an bhfuil ceannasacht ag an gnóthas atá comhtháite go hingearach sa mhargadh réamhtheachtach (féach, chuige sin, breithiúnas an 17 Feabhra 2011, *TeliaSonera Sverige*, C-52/09, EU:C:2011:83, míreanna 85 go 89).

36 Is amhlaidh atá má tá cumhacht eacnamaíoch ag an ngnóthas sin a chuireann ar a chumas bac a chur ar iomaíocht éifeachtach sa mhargadh réamhtheachtach sin tríd an gcumhacht a thabhairt dó é féin a iompar, go pointe suntasach, go neamhspleách óna iomaitheoirí, óna chustaiméirí agus, ar deireadh, óna thomhaltóirí (breithiúnas an 17 Feabhra 2011, *TeliaSonera Sverige*, C-52/09, EU:C:2011:83, mír 23 agus an cásdlí dá dtagraítear).

37 Thairis sin, eascraíonn ceannasacht go ginearálta as teaglaim de roinnt tosca nach measfaí a bheith cinntitheach ina n-aonair (breithiúnas an 14 Feabhra 1978, *United Brands agus United Brands Continentaal* v *an Coimisiún*, 27/76, EU:C:1978:22, mír 66).

38 I ndáil leis sin, chinn an Chúirt Bhreithiúnais, cé go bhféadfadh tábhacht na sciartha den mhargadh a bheith éagsúil ó mhargadh amháin go margadh eile, gurb ionann seilbh, ar feadh tréimhse fhada, sciar an-mhór den mhargadh, ach amháin in imthosca eisceachtúla, agus cruthúnas ar cheannasacht a bheith ann agus gur sciartha an-ard den mhargadh iad sciartha den mhargadh de níos mó ná 50 % (féach, i ndáil leis sin, breithiúnais an 13 Feabhra 1979, *Hoffmann-La Roche* v *an Coimisiún*, 85/76, EU:C:1979:36, mír 41, agus an 6 Nollaig 2012, *AstraZeneca* v *an Coimisiún*, C-457/10 P, EU:C:2012:770, mír 176).

39 É sin ráite, cé go bhfuil, chun a mheas an bhfuil cheannasacht i margadh ann, seilbh, ar feadh tréimhse fhada, sciar mór den mhargadh an-suntasach, is amhlaidh fós go bhféadfar ceannasacht a shuíomh freisin trí shaintréithe eile an mhargaidh lena mbaineann a chur san áireamh, amhail bacainní suntasacha iontrála nó bonneagar bunriachtanach a bheith ann, rud a fhágann gur féidir a mheas, sa mhargadh sin, an ndéanann an gnóthas sin é féin a iompar, go pointe suntasach, go neamhspleách óna iomaitheoirí, óna chustaiméirí agus óna thomhaltóirí.

40 I ndáil leis sin, sa chás seo, is léir ón ordú tarchuir go n-oibríonn Lukoil Bulgaria ar an slabhra táirgeachta breosla iomlán go dtí a ndíol deiridh agus nach bhfuil ach scaglann amháin aige sa tír agus go bhfuil bonneagar lóistíochta, stórála agus iompair uathúil aige sa tír.

41 Sa tríú háit, leanann sé ó chásdlí na Cúirte Breithiúnais nach mbraitheann cineál mí-úsáideach cleachtais praghsála arna chur i bhfeidhm ag gnóthas ceannasach atá comhtháite go hingearach i margadh réamhtheachtach agus as a n-eascraíonn cúngach corrlaigh ar iomaitheoirí an ghnóthais sin sa mhargadh iartheachtach ar cheannasacht a bheith ann sa mhargadh sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 17 Feabhra 2011, *TeliaSonera Sverige*, C-52/09, EU:C:2011:83, mír 89).

42 É sin ráite, mar a thugann an Coimisiún faoi deara, ní féidir a chur as an áireamh go bhféadfadh sé go gcaithfí sonraí a bhaineann leis an margadh iartheachtach sin a chur san áireamh chun scrúdú a dhéanamh an bhfuil an cleachtas praghsála sin contrártha d'Airteagal 102 CFAE.

43 Chun mí-úsáid ceannasachta arb ionann é agus cúngach corrlaigh a shuíomh, ceanglaítear ar údarás iomaíochta a léiriú go bhfuil an corrlach idir praghsanna na dtáirgí nó na seirbhísí lena mbaineann sa mhargadh réamhtheachtach agus sa mhargadh iartheachtach diúltach nó neamhleor chun na costais shonracha nach mór don ghnóthas ceannasach a íoc chun a tháirgí nó a sheirbhísí féin a sholáthar sa mhargadh iartheachtach a chumhdach, ionas nach gceadaítear leis an gcorrlach sin d'iomaitheoir a bheith chomh héifeachtúil leis an ngnóthas sin chun dul in iomaíocht leis chun na hearraí nó na seirbhísí sin a sholáthar sa mhargadh iartheachtach. Chinn an Chúirt Bhreithiúnais freisin, chun measúnú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht an bheartais praghsála arna chur i bhfeidhm ag gnóthas ceannasach, nach mór, i bprionsabal, tagairt a dhéanamh do chritéir phraghsála atá bunaithe ar na costais arna dtabhú ag an ngnóthas

ceannasach féin agus ar a straitéis (féach, chuige sin, breithiúnas an 25 Márta 2021, *Slovak Telekom* v *an Coimisiún*, C-165/19 P, EU:C:2021:239, míreanna 73 agus 74 agus an cásdlí dá dtagraítear).

44 Dá bhrí sin, chun a chinneadh an bhféadfadh sé go mbeadh, sa mhargadh iartheachtach, éifeacht eisiatach ar a iomaitheoirí atá chomh héifeachtúil céanna ar a laghad mar thoradh ar an gcorrlach idir praghsanna gnóthais cheannasaigh sa mhargadh réamhtheachtach agus na praghsanna arna gcleachtadh ag an ngnóthas sin sa mhargadh iartheachtach, ní mór a chinneadh an mbeadh an gnóthas sin éifeachtach go leor chun seirbhísí a thairiscint sa mhargadh iartheachtach seachas ag caillteanas, dá mbeadh sé d'oibleagáid air roimhe sin a phraghasanna féin a íoc sa mhargadh réamhtheachtach, rud a thugann le tuiscint, i bprionsabal, nach mór praghsanna agus costais an ghnóthais cheannasaigh sa mhargadh iartheachtach a chur san áireamh nó, i gcás nach féidir tagairt a dhéanamh do na praghsanna agus do na costais sin, praghsanna agus costais iomaitheoirí sa mhargadh sin a chur san áireamh (féach, chuige sin, breithiúnas an 17 Feabhra 2011, *TeliaSonera Sverige*, C-52/09, EU:C:2011:83, míreanna 41 go 46).

45 Ar deireadh, ní mór a chur in iúl freisin gur féidir leis an ngnóthas lena mbaineann a léiriú go bhfuil bonn cirt eacnamaíoch fós lena chleachtas praghsála, cé go bhfuil éifeacht eisiatach aige sa mhargadh iartheachtach, rud a thugann le tuiscint go léirítear, ar bhonn imthosca uile an cháis, go bhféadfar éifeacht eisiatach den sórt sin, atá míbhuntáisteach don iomaíocht, a fhrithchothromú, nó fiú a shárú le buntáistí i dtéarmaí éifeachtúlachta a théann chun tairbhe do thomhaltóirí sa mhargadh sin freisin (féach, chuige sin, breithiúnas an 17 Feabhra 2011, *TeliaSonera Sverige*, C-52/09, EU:C:2011:83, míreanna 75 agus 76).

46 Dá bhrí sin, is é an freagra ar an gcéad cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú go bhfuil Airteagal 102 CFAE le léiriú sa chaoi, chun a chinneadh go bhfuil cleachtas mí-úsáideach cúngaigh chorrlaigh ann arna dhéanamh ag gnóthas atá comhtháite go hingearach, nach mór d'údarás iomaíochta a shuíomh, ar thaobh amháin, go bhfuil ceannasacht an ghnóthais sin ann sa mhargadh réamhtheachtach, agus na sciartha den mhargadh sin atá ag an ngnóthas sin nó saintréithe ábhartha eile an mhargaidh sin lenar féidir a mheas go bhfuil cumhacht eacnamaíoch ag an ngnóthas sin a chuireann ar a chumas é féin a iompar, go pointe suntasach, go neamhspleách óna iomaitheoirí, óna chustaiméirí agus óna thomhaltóirí á gcur san áireamh, agus, ar an taobh eile, go bhfuil, i margadh iartheachtach, atá nasctha leis an margadh réamhtheachtach, praghas ann arna ghearradh ag an ngnóthas atá comhtháite go hingearach, a d'fhéadfadh éifeacht eisiatach a bheith aige ar a iomaitheoirí atá ar a laghad chomh héifeachtúil céanna leis, i bhfianaise shaintréithe an mhargaidh iartheachtaigh sin.

An dara agus an tríú ceist

47 Lena dara agus a tríú ceist, ar cheart iad a scrúdú le chéile, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagal 102 CFAE le léiriú sa chaoi go bhféadfar táirgí nach bhfuil inionadaithe ar thaobh an tsoláthair nó an éilimh de, amhail peitreal agus díosal, a áireamh sa sainmhíniú ar an margadh táirgí ábhartha, cé go n-eisiatar táirge, amhail GPL, atá inionadaithe ar thaobh an tsoláthair nó an éilimh de le ceann amháin ar a laghad den dá bhreosla sin.

48 Is léir ó chásdlí na Cúirte Breithiúnais go bhfuil cinneadh an mhargaidh ábhartha, i gcomhthéacs chur i bhfeidhm Airteagal 102 CFAE, ríthábhachtach, ós rud é nach féidir measúnú a dhéanamh ar na féidearthachtaí iomaíochta ach amháin i bhfianaise shaintréithe na dtáirgí atá i gceist agus gur réamhriachtanas é, i bprionsabal, chun a mheas an bhfuil ceannasacht ag an ngnóthas lena mbaineann (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Feabhra 1973, *Europemballage agus Continental*

Can v *an Coimisiún*, 6/72, EU:C:1973:22, mír 32). Is é is cuspóir don chinneadh sin an raon feidhme a shainmhíniú ar laistigh de nach mór measúnú a dhéanamh ar an gceist an bhfuil an gnóthas sin in ann é féin a iompar, go pointe suntasach, go neamhspleách óna iomaitheoirí, óna chustaiméirí agus óna thomhaltóirí (féach, chuige sin, breithiúnais an 9 Samhain 1983, *Nederlandsche Banden-Industrie-Michelin* v *an Coimisiún*, 322/81, EU:C:1983:313, mír 37, agus an 30 Eanáir 2020, *Generics (UK) agus páirtithe eile*, C-307/18, EU:C:2020:52, mír 127).

49 D'fhonn an margadh ábhartha a chinneadh, ní mór, sa chéad áit, an margadh táirgí agus ansin, sa dara háit, an margadh geografach a shainmhíniú (breithiúnais an 14 Feabhra 1978, *United Brands agus United Brands Continentaal* v *an Coimisiún*, 27/76, EU:C:1978:22, míreanna 10 agus 11, agus an 27 Meitheamh 2024, *an Coimisiún* v *Servier agus páirtithe eile*, C-176/19 P, EU:C:2024:549, mír 382).

50 Maidir leis an margadh tairgí, leanann sé ó chásdlí na Cúirte Breithiúnais go dtugtar le tuiscint le coincheap an mhargaidh ábhartha go bhféadfadh iomaíocht éifeachtach a bheith ann idir na táirgí atá mar chuid de, rud a thugann le tuiscint go bhfuil leibhéal leordhóthanach inmhalartachta nó inionadaitheachta ann le haghaidh na húsáide céanna idir na táirgí nó na seirbhísí go léir atá mar chuid den mhargadh céanna. Ní dhéantar measúnú ar inmhalartaitheacht ná ar inionadaitheacht i bhfianaise shaintréithe oibiachtúla na n-earraí atá i gceist. Ba cheart coinníollacha na hiomaíochta agus struchtúr an éilimh agus an tsoláthair sa mhargadh a chur san áireamh freisin (féach, chuige sin, breithiúnas an 27 Meitheamh 2024, *an Coimisiún* v *Servier agus páirtithe eile*, C-176/19 P, EU:C:2024:549, mír 383 agus an cásdlí dá dtagraítear)

51 Leanann sé ó na breithnithe sin nach bhfuil an measúnú ar inionadaitheacht dhá tháirge teoranta do chinneadh a dhéanamh an féidir na táirgí sin, ó thaobh feidhme de, an riachtanas céanna a chomhlíonadh, ach go n-éilítear leis freisin cinneadh a dhéanamh an bhfuil na táirgí sin, ó thaobh na heacnamaíochta de, inionadaithe i ndáiríre. Féadfar inionadaitheacht eacnamaíoch idir dhá tháirge a shuíomh i gcás ina dtagann athrú ar dhíolacháin táirge amháin go táirge eile mar thoradh ar athruithe ar a bpraghsanna coibhneasta. I ndáil leis sin, ní mór a chur in iúl, ó thaobh na heacnamaíochta de, gurb í inionadaitheacht ar thaobh an éilimh ar an bhfachtóir is láithrí agus is éifeachtaí smachta i ndáil le soláthraithe táirge faoi leith. D'fhéadfadh sé gurb ionann an measúnú ar inionadaitheacht agus measúnú a dhéanamh ar thras-phraghasleaisteachas an éilimh trí chinneadh a dhéanamh an athródh tomhaltóirí táirge atá faoi réir méadú beag ach buan ar phraghas chuig táirgí ionadacha (féach, chuige sin, breithiúnas an 27 Meitheamh 2024, *an Coimisiún* v *Servier agus páirtithe eile*, C-176/19 P, EU:C:2024:549, mír 384).

52 Cé go n-éilítear le measúnú lena bhféadfar sainmhíniú a dhéanamh ar an margadh nach mór measúnú a dhéanamh ar cheannasacht a bheith ann torthaí fíorasacha a bhaineann leis na coinníollacha iomaíochta agus le struchtúr an tsoláthair agus an éilimh sa mhargadh sin, a thagann faoi dhlínse na cúirte a rinne an tarchur, ní féidir a chur as an áireamh, in ainneoin easpa inionadaitheacht fheidhmiúil idir trí chineál breoslaí mótair, amhail díosal, peitreal agus GPL, ar éileamh ó thomhaltóirí deiridh, i bhfianaise na gcoinníollacha sonracha soláthair sa Bhulgáir, go bhféadfadh leibhéal leordhóthanach inionadaitheachta a bheith ann idir cuid de na breoslaí sin sa mhargadh mórdhíola le haghaidh breosla a chuirtear faoi scéim fionraí dleachta máil, rud a d'fhágfadh go n-áireofaí na breoslaí sin sa mhargadh táirgí céanna.

53 Dá réir sin, is faoin gcúirt a rinne an tarchur a bheidh sé scrúdú a dhéanamh, go háirithe, ar thaobh amháin, an gá peitreal agus díosal a stóráil i mbulc i suiteálacha de chineál comhchosúil nó éagsúil agus, ar an taobh eile, an féidir GPL a stóráil i mbulc sna suiteálacha céanna le peitreal agus díosal nó, os a choinne sin, an éilítear suiteálacha sonracha.

54 Is léir ón ordú tarchuir gur chuir Údarás Iomaíochta na Bulgáire san áireamh, agus an margadh ábhartha á chinneadh aige chun a mheas an raibh ceannasacht ann, peitreal agus díosal amháin, ach ní GPL, a mhéid, i gcás mórdhíoltóirí, gurb ionann na coinníollacha stórála maidir leis an gcéad dá bhreosla sin, rud a fhágann gur féidir leo, ag brath ar an éileamh, ceann amháin nó ceann eile den chéad dá bhreosla sin a thairiscint, gan costais bhreise a bheith i gceist dóibh.

55 Os a choinne sin, a mhéid a bhaineann le GPL, de réir Údarás Iomaíochta na Bulgáire, tá ceanglais shonracha sa Bhulgáir maidir lena stóráil agus lena athdhíol tar éis íocaíocht na ndleachtanna máil. Thairis sin, iompraítear GPL ar bhealach difriúil le peitreal agus díosal.

56 D'fhéadfadh breithnithe den sórt sin a bheith ina mbonn cirt oibiachtúil leis an idirdhealú a rinne Údarás Iomaíochta na Bulgáire idir peitreal agus díosal, ar thaobh amháin, agus GPL, ar an taobh eile, ar faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a fhíorú, áfach.

57 I bhfianaise na mbreithnithe roimhe seo, is é an freagra ar an dara agus ar an tríú ceist go bhfuil Airteagal 102 CFAE le léiriú sa chaoi nach bhféadfar ach táirgí a bhfuil leibhéal leordhóthanach inionadaitheachta acu a áireamh sa mhargadh céanna chun measúnú a dhéanamh ar cheannasacht a bheith ann. I gcás inarb ionann an iompar a mheastar a bheith ina shárú agus cleachtais phraghsála as a n-eascraíonn cúngach corrlaigh, ní mór don údarás iomaíochta a fhíorú, d'ainneoin easpa inionadaitheacht fheidhmiúil idir trí chineál breosla mótair, amhail díosal, peitreal agus GPL, ar éileamh ó thomhaltóirí deiridh, an dtacaíonn na coinníollacha iomaíochta agus struchtúr an tsoláthair agus an éilimh leis an gconclúid go mbaineann cuid de na breoslaí sin leis an margadh táirgí céanna sa mhargadh réamhtheachtach.

Costais

58 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Tríú Dlísheomra) mar seo a leanas:

1. Tá Airteagal 102 CFAE le léiriú sa chaoi, chun a chinneadh go bhfuil cleachtas mí-úsáideach cúngaigh chorrlaigh ann arna dhéanamh ag gnóthas atá comhtháite go hingearach, nach mór d'údarás iomaíochta a shuíomh, ar thaobh amháin, go bhfuil ceannasacht an ghnóthais sin ann sa mhargadh réamhtheachtach, agus na sciartha den mhargadh sin atá ag an ngnóthas sin nó saintréithe ábhartha eile an mhargaidh sin lenar féidir a mheas go bhfuil cumhacht eacnamaíoch ag an ngnóthas sin a chuireann ar a chumas é féin a iompar, go pointe suntasach, go neamhspleách óna iomaitheoirí, óna chustaiméirí agus óna thomhaltóirí á gcur san áireamh, agus, ar an taobh eile, go bhfuil, i margadh iartheachtach, atá nasctha leis an margadh réamhtheachtach, praghas ann arna ghearradh ag an ngnóthas atá comhtháite go hingearach, a d'fhéadfadh éifeacht eisiatach a bheith aige ar a iomaitheoirí atá ar a laghad chomh héifeachtúil céanna leis, i bhfianaise shaintréithe an mhargaidh iartheachtaigh sin.

2. Tá Airteagal 102 CFAE le léiriú sa chaoi nach bhféadfar ach táirgí a bhfuil leibhéal leordhóthanach inionadaitheachta acu a áireamh sa mhargadh céanna chun measúnú a dhéanamh ar cheannasacht a bheith ann. I gcás inarb ionann an iompar a mheastar a bheith ina shárú agus cleachtais phraghsála as a n-eascraíonn cúngach corrlaigh, ní mór don údarás iomaíochta a fhíorú, d'ainneoin easpa inionadaitheacht fheidhmiúil idir trí chineál breosla mótair, amhail díosal, peitreal agus gás peitriliam leachtaithe, ar éileamh ó thomhaltóirí deiridh, an dtacaíonn na coinníollacha iomaíochta agus struchtúr an tsoláthair agus an éilimh leis an gconclúid go mbaineann cuid de na breoslaí sin leis an margadh táirgí céanna sa mhargadh réamhtheachtach.

Sínithe